# An Dámhachtain Lúfaireachta 2025

## Treoirlínte d’Iarratasóirí

Spriocdháta le hiarratais a chur isteach:

5.30 i.n. (Am na hÉireann)

Déardaoin, an 24 Aibreán 2025

# Clár na nÁbhar


1. Maidir le Dámhachtain Lúfaireachta 2025 .......... 6

1.1. Cad iad na hathruithe atá i bhfeidhm don bhliain 2025 .......... 6

1.2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh .......... 7

1.3. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? .......... 9

1.4. Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith? .......... 10

1.5. Cad iad na foirmeacha ealaíne nó na cleachtais ealaíon ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith? .......... 11

1.6. Cad iad na gníomhaíochtaí ar féidir maoiniú a fháil ina leith? .......... 18

1.7. Costais ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith .......... 19

1.8. Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas 21

1.9. Costais agus gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith .......... 24

1.10. Ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach .......... 25

1.11. Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo .......... 28

1.12. Cabhair theicniúil a fháil agus iarratas á chur isteach .......... 29

1.13. Cabhair a fháil ó fhoireann na Dámhachtana Lúfaireachta .......... 30

2. Sula ndéanfaidh tú iarratas .......... 31

2.1. Bris síos an próiseas iarratais ina chéimeanna .......... 31

2.2. Ag clárú i gcomhair chuntas Sheirbhísí ar Líne .......... 32

2.3. A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi d'ainm .......... 35

2.4. Do chuid ama a ghlacadh chun d'iarratas a ullmhú .......... 37

2.5. Ullmhaigh do chuid ábhair thacaíochta .......... 38

2.6. Samplaí oibre a uaslódáil .......... 40

2.7. Déan teagmháil le haon chomhoibrithe a luaithe is féidir .......... 42

2.8. Freastail ar ár gclinicí ar líne ..... 42
3. Comhlánaigh d’fhoirm iarratais ..... 43
3.1. Conas gach ceist a fhreagairt ..... 43
4. Cuir d’iarratas isteach ..... 45
4.1. Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d’iarratas ..... 45
4.2. Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil ..... 46
4.3. Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air ..... 46
4.4. Iontráil méid an mhaoinithe atá á iarraidh ..... 47
4.5. Uaslódáil do cháipéisí agus cuir d’iarratas isteach ..... 48
4.6. Cuir d’iarratas isteach ..... 48
5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – cad é an chéad chéim eile? ..... 50
5.1. An chaoi a ndéanaimid cinntí ..... 50
5.2. An chaoi a ndéanaimid d’iarratas a mheas ..... 51
5.3. Próiseas scórála ..... 53
5.4. Sampla d’iarratas a scóráil ..... 56
5.5. Cad a tharlaíonn sa chás go n-éiríonn le d’iarratas? ..... 56
5.6. Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn le d’iarratas? ..... 57
5.7. Achomharc a dhéanamh ..... 57

## Nótaí tábhachtacha

Teastaíonn cuntas Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS) uait chun iarratas a chur isteach don Dámhachtain Lúfaireachta.

Ní mór duit clárú le haghaidh cuntas Seirbhísí ar Líne ar a laghad cúig lá oibre sula ndéanfaidh tú iarratas.

D'fhéadfadh sé suas le cúig lá oibre a thógáil orainn do chlárúchán a phróiseáil.

Má tá aon cheisteanna agat faoi seo, seol ríomhphost chuig onlineservices@artscouncil.ie.

Ní mór don ainm atá ar do chuntas Sheirbhísí Ar Líne, ar d'iarratas, agus ar do chuntas bainc a bheith mar an gcéanna. Má bhronntar maoiniú ort, ní féidir linn é a íoc ach isteach sa chuntas bainc faoin ainm seo amháin.

Má tá aon cheisteanna agat faoi seo, déan teagmháil le agilityaward@artscouncil.ie

### Iarratasóirí faoi mhíchumas

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí.

Má tá tú faoi mhíchumas agus má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir roimh an spriocdháta.

- Teagmhálaí:  An tOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Guthán:  01 618 0200 nó 01 618 0243

- Ríomhphost: Disabilityaccess@artscouncil.ie

Faigh tuilleadh eolais faoi chostais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.

## Cosaint sonraí

Bailíonn an Chomhairle Ealaíon sonraí uait mar chuid de d'iarratas. Iarraimid ort na sonraí seo a sholáthar ionas gur féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus chun ligean dúinn d'iarratas a mheas.

Áirítear leis na sonraí a bhailímid sonraí pearsanta amhail d'ainm, d'uimhir PSP, agus do sheoladh ríomhphoist.

Sa chás go gcuireann tú sonraí níos íogaire ar fáil, amhail sonraí sláinte faoi mhíchumas, iarraimid ort toiliú sainráite a thabhairt dó seo inár bhfoirmeacha iarratais.

Molaimid duit ár mbeartas príobháideachais a léamh chun faisnéis a fháil faoin gcaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

Má tá aon imní ort faoi do shonraí, déan teagmháil linn ag dataprotection@artscouncil.ie.

# 1. Maidir le Dámhachtain Lúfaireachta 2025

Is scéim mhaoinithe de chuid na Comhairle Ealaíon í an Dámhachtain Lúfaireachta le haghaidh ealaíontóirí gairmiúla aonair agus cleachtóirí gairmiúla ealaíon nach bhfuair maoiniú mar dhuine aonair roimhe seo ón gComhairle Ealaíon.

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar an Dámhachtain Lúfaireachta más mian leat:

- Do chleachtas a fhorbairt
- Do shaothar a fhorbairt
- Do scileanna a fhorbairt

Insítear sa cháipéis seo duit faoi:

- Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh
- An méid maoiniúcháin ar féidir leat cur isteach air
- Na cineálacha oibre agus gníomhaíochtaí ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith

## 1.1. Cad iad na hathruithe atá i bhfeidhm don bhliain 2025

Tá roinnt athruithe déanta againn ar an Dámhachtain Lúfaireachta don bhliain 2025. Déan an liosta thíos a sheiceáil go cruinn maidir le haon athruithe a bhaineann leatsa.

- Tá Dámhachtain Lúfaireachta 2025 oscailte d’iarratasóirí nach bhfuair maoiniú ón gComhairle Ealaíon riamh mar ealaíontóir aonair nó mar chleachtóir ealaíon.

- Ní féidir leat Dámhachtain Lúfaireachta agus Dámhachtain Sparánachta a fháil. Má dhéanann tú iarratas ar an dá dhámhachtain agus má fhaigheann tú an Dámhachtain Sparánachta, ní dhéanfaimid d'iarratas ar an Dámhachtain Lúfaireachta a mheas.
- Áirítear ar an bhfoirm iarratais mír roghnach faisnéise maidir le comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú.
- Athainmníodh Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas mar Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga.

Seol ríomhphost chuig agilityaward@artscouncil.ie a luaithe is féidir má tá aon cheisteanna agat faoi na hathruithe seo.

## 1.2. Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh

Tacaíonn an Dámhachtain Lúfaireachta le healaíontóirí gairmiúla agus le cleachtóirí gairmiúla ealaíon.

In 2025, is féidir leat iarratas a dhéanamh más rud é:

- Nach bhfuair tú maoiniú ón gComhairle Ealaíon riamh mar dhuine aonair
- Go bhfuil tú i do chónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann.

### Iarratas a dhéanamh mura bhfuil tú i do chónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann

Féadfaimid glacadh le hiarratais ó iarratasóirí nach bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann a mhíniú i mír 2.3 den fhoirm iarratais.

Cinnfimid incháilitheacht d'iarratais bunaithe ar an míniú a thugann tú.

## Sainmhínithe tábhachtacha

### Ealaíontóir gairmiúil

Is duine thú:

- Atá ag tabhairt go gníomhach faoi ghairm bheatha mar ealaíontóir in aon fhoirm ealaíne
- A áiríonn a gcuid cleachtais ealaíon mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Tá feidhm aige seo fiú murab í a gcuid oibre sna healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim, nó má tá fostaíocht eile acu.
- Atá aitheanta mar ealaíontóir cleachtach gairmiúil i measc a bpiaraí.

### Cleachtóir Gairmiúil sna hEalaíona

Is duine thú a gcuireann a chuid saothair le forbairt na n-ealaíon in Éirinn.

## Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht

Mar chuid dár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI), cuirimid fáilte roimh iarratasóirí ó gach cuid den phobal.

Tá aon cheann de na saintréithe sa liosta thíos le háireamh leis sin, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh. Áirítear leis seo tionscnaimh a sholáthraíonn deiseanna nó torthaí cothroma do gach duine lena mbaineann.

- Inscne
- Claonadh gnéis

- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch.

I gcás na scéime maoinithe seo, cuirimid fáilte roimh iarratais atá ionadaíoch ar ilchineálacht shochaí na hÉireann.

## 1.3. Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas má bhaineann tú le haon cheann de na catagóirí seo:

- Duine a fuair maoiniú roimhe seo ón gComhairle Ealaíon mar dhuine aonair
- Duine nach cónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann é nó í. Féach 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? lena fháil amach faoin eisceacht uaidh sin
- Eagraíocht
- Mac léinn fochéime lánaimseartha (ina measc sin bonnchúrsaí)
- Ag lorg tacaíochta le táillí do chúrsaí nó staidéar iarchéime/ardoideachais (ina measc sin cúrsaí neamhchreidiúnaithe) Mar shampla, cúrsa creidiúnaithe QQI amhail teastas FETAC, céim nó céim mháistreachta.

    - Duine atá ag lorg tacaíochta don obair atá á déanamh acu mar chuid de chúrsa foirmiúil staidéir, d'intéirneacht, nó d'obair dheonach
- Ealaíontóir neamhghairmiúil nó cleachtóir neamhghairmiúil sna healaíona – e.g. duine nach bhfuil ag tabhairt go gníomhach faoi ghairm bheatha sna healaíona.

## 1.4. Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith?

- Is féidir leat iarratas a chur isteach ar aon suim idir **€1,500** agus **€5,000.**
- Ní féidir leat iarratas a chur isteach ar aon suimeanna atá níos lú ná €1,500 nó níos airde ná €5,000. Má dhéanann tú amhlaidh, beidh d'iarratas neamh-incháilithe, agus ní dhéanfar é a mheas.
- Mar sin féin, féadfaidh ealaíontóirí nó cleachtóirí ealaíon faoi mhíchumas costais phearsanta rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh ina n-iarratas. Tá sé seo ar leithligh ón méid a iarrann tú le haghaidh do thogra.

### Sampla 1

    - Déanann tú iarratas ar €5,000 i gcomhair do thogra.
- Is é seo an t-uasmhéid incheadaithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith faoin dámhachtain seo.
- Tá costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas sa bhreis de €1,000 agat.

- Is é €6,000 an méid iomlán a iarrann tú (dámhachtain €5,000 móide €1,000 de chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas).
- Tá d’iarratas incháilithe lena mheas, faoi réir critéir incháilitheachta eile.

### Sampla 2

- Déanann tú iarratas ar €6,000 i gcomhair do thogra.
- Is mó é seo ná an t-uasmhéid incheadaithe ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith faoin dámhachtain seo.
- Níl iarratas ar shuim bhreise do chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas curtha isteach agat.
- Tá d’iarratas neamh-incháilithe agus ní dhéanfar é a mheas.
- Faigh tuilleadh eolais maidir le tacaíocht d’iarratasóirí faoi mhíchumas

## 1.5. Cad iad na foirmeacha ealaíne nó na cleachtais ealaíon ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith?

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar mhaoiniú na Dámhachtana Lúfaireachta i gcás na bhfoirmeacha ealaíne agus na gcleachtas ealaíne seo a leanas:

- Ailtireacht
- Rannpháirtíocht sna hEalaíona
- Sorcas
- Damhsa

- Scannánaíocht
- Litríocht
- Ealaíona Ildisciplíneacha
- Ceol
- Ceoldrámaíocht
- Taibhiú Sráide agus Mórthaibhsiú
- Na hEalaíona Traidisiúnta
- Amharclannaíocht
- Na hAmharc-ealaíona
- Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga

**Cleachtais na n-ealaíon ildisciplíneacha:** Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine gairmiúla freisin a oibríonn i léirithe éagsúla cruthaitheacha nó léirmhínitheacha. Áirítear leis seo cleachtais ildisciplíneacha. Cuir isteach ar mhaoiniú faoi do phríomhfhoirm ealaíne nó do phríomhchleachtas ealaíon.

Tá sainmhínithe nó a fócas ar leith ag baint le foirmeacha áirithe ealaíne i gcás na Dámhachtana Lúfaireachta. Féach an tábla thíos chun tuilleadh sonraí a fháil.

| **Foirm Ealaíne** | **Na critéir** |
|---|---|
| Ailtireacht | Ní mór duit a bheith i d’ailtire nó i do chéimí ailtireachta. |
| Rannpháirtíocht sna hEalaíona | Ní mór an méid seo a leanas a bheith uait: |

| | |
|---|---|
| | • Comhoibriú le daoine nach daoine gairmiúla sna healaíona iad chun saothar ealaíne a chomhchruthú.<br>• Do chleachtas ealaíonta a fhorbairt maidir le Rannpháirtíocht sna hEalaíona trí dheiseanna forbartha gairmiúla. |
| Sorcas | Ní mór duit:<br>• A bheith i d'ealaíontóir traidisiúnta sorcais nó i d'ealaíontóir comhaimseartha sorcais atá ag iarraidh do scileanna agus do chleachtas ealaíonta a fhorbairt.<br>• A bheith i do léiritheoir, stiúrthóir, rigeálaí, nó teicneoir a oibríonn i réimse an tsorcais go sonrach.<br><br>D'fhéadfadh sé gur mhaith le cleachtóirí sorcais na n-óg iarratas a dhéanamh faoi Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga. D'fhéadfadh sé gur mhaith le cleachtóirí sorcais sóisialta iarratas a chur isteach faoi Rannpháirtíocht sna hEalaíona chun a gcleachtas sna réimsí seo a fhorbairt. |
| Damhsa | Ní mór spriocanna soiléire ealaíonta nó spriocanna soiléire um fhorbairt ghairmiúil a bheith ag do thogra.<br><br>Ba cheart duit aon aidhmeanna a bhaineann le do ghníomhaíocht a chur san áireamh freisin, amhail |

<table>
<tr><td></td><td>ionchuimsiú, sláinte, folláine, nó forbairt pobail.</td></tr>
<tr><td>Scannánaíocht</td><td> Is féidir leat iarratas a chur isteach más ealaíontóir scannáin thú a chruthaíonn scannáin thurgnamhacha agus/nó scannáin gan insinte do thaispeántas scannánaíochta. Caithfidh tú a bheith in ann do chleachtas a léiriú sa réimse seo. Ní thacaímid le hiarratais ar an scríbhneoireacht scáileáin, ar an scannánaíocht, nó ar an gcraoltóireacht teilifíse, bíodh iad traidisiúnta nó príomhshrutha. </td></tr>
<tr><td>Litríocht</td><td> Is féidir leat iarratas a chur isteach ar na cineálacha scríbhneoireachta liteartha seo a leanas: <ul><li>Ficsean, filíocht, agus neamhfhicsean cruthaitheach (cuimhní cinn agus aistí)</li><li>Úrscéalta grafacha</li><li>Ficsean agus filíocht do leanaí</li><li>Leabhair phictiúr mhaisithe</li></ul> Is féidir leat cur isteach ar an scríbhneoireacht Bhéarla agus Ghaeilge araon. Ní féidir leat iarratas a dhéanamh i leith an méid seo a leanas: <ul><li>Scríbhneoireacht scáileáin</li><li>Iriseoireacht</li><li>Scríbhneoireacht reiligiúnach</li></ul></td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | • Scríbhneoireacht ghairmiúil, teagaisc, nó acadúil<br><br>Más drámadóir thú, ba cheart duit iarratas a chur isteach faoi Amharclannaíocht. |
| Ealaíona Ildisciplíneacha | Ba chóir duit iarratas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí chun cleachtas ealaíon a fhorbairt a thugann le chéile dhá fhoirm ealaíne/dhá chleachtas chruthaitheacha nó níos mó. |
| Ceol | Ní mór duit iarratas a chur isteach mar ealaíontóir **aonair** nó mar chleachtóir **aonair** sna healaíona.<br><br>Ní thacaímid le hiarratais ó ghrúpaí, ó bhannaí ná ó ensemble.<br><br>Ba cheart duit iarratas a chur isteach ar **ghníomhaíochtaí forbartha** chun do chleachtas sna healaíona a fhorbairt. |
| Ceoldrámaíocht | Níl aon tosaíochtaí ar leith ann. |
| Taibhiú Sráide agus Mórthaibhsiú | Ní mór duit a bheith i d'ealaíontóir aonair nó i do chleachtóir aonair sna healaíona agus tú ag iarraidh do chleachtas a uas-sciliú agus a fhorbairt i réimsí an Taibhsithe Sráide agus an Mhórthaibhsithe. Féach sainmhínithe na bhfoirmeacha ealaíne thíos.<br><br>Tagraíonn **Taibhiú Sráide** do thaibhiú beo amuigh faoin aer, de ghnáth ar an tsráid, i spás poiblí nó i gcomhthéacs a fhreagraíonn don suíomh. Is iondúil go gcuirtear Taibhiú Sráide i láthair saor in aisce agus, go minic, laistigh de chomhthéacs féile. D'fhéadfadh sorcas, mórthaibhsiú, amharclannaíocht sráide, |

| | |
|---|---|
| | draíodóireacht, coiméide, puipéadóireacht, nó damhsa a bheith san áireamh. D'fhéadfadh taispeántas siúil, seó ciorcail nó tobsheó idirghníomhaíochta ealaíne a bheith i gceist le taibhiú a thagann aniar aduaidh ar an lucht féachana agus a mheallann iad agus iad ag dul i mbun a saoil laethúil.<br><br>Tagraíonn **Mórthaibhsiú** do thaibhiú feiceálach, a tharlaíonn amuigh faoin aer de ghnáth agus a chuirtear i láthair saor in aisce don phobal i gcomhthéacs féile nó paráide. Is iondúil a bhíonn flótaí le feiceáil i mórthaibhsithe, chomh maith le drámaí tóstail, struchtúir mhórscála, puipéadóireacht, taibhiú promanáide agus ensembles grúpa a chomhcheanglaíonn feisteas, damhsa, amharclannaíocht, agus ceol faoi théama ar leith.<br><br>Níl feidhm aige seo ar mhúrealaíontóirí (ar cheart dóibh iarratas a chur isteach faoi na hAmharc-ealaíona) nó ar bhuscálaithe (ar cheart dóibh iarratas a chur isteach faoi Cheol). |
| Na hEalaíona Traidisiúnta | Is féidir leat iarratas a chur isteach i leith na réimsí ealaíon seo a leanas:<br><br>• Ceol, amhránaíocht, agus damhsa t(h)raidisiúnta<br>• Na healaíona béil amhail seanchas, agallamh beirte agus lúibíní<br><br>Más é ag taifeadadh nó ag foilsiú saothair é do phríomhghníomhaíocht, ba cheart duit iarratas a chur isteach ar Dhámhachtain Taifeadta agus Foilsithe Deis |

| | |
|---|---|
| | in ionad na dámhachtana seo. |
| Amharclannaíocht | Maidir leis an Amharclannaíocht, is le haghaidh forbairt ghairmiúil nó forbairt smaoineamh ealaíne amháin an Dámhachtain Lúfaireachta.<br><br>Ní féidir le hiarratasóirí iarratas a chur isteach ar mhaithe lena gcuid saothair a chur i láthair an lucht féachana.<br><br>Chun críche na dámhachtana seo, is é sainmhíniú na Comhairle Ealaíon ar an Amharclannaíocht ná moltaí chun saothar drámatúil nó iardhrámaíochta a fhorbairt don amharclann a thaibheoidh aisteoirí os comhair lucht féachana beo sa spás céanna nó san áit chéanna (a d'fhéadfadh a bheith ina spás foirmiúil amharclannaíochta nó eile).<br><br>Ní áirítear go sonrach sa sainmhíniú seo tograí chun an méid seo a leanas a fhorbairt:<br><br>• Closdráma nó drámaí raidió<br>• Taifeadadh podchraoltaí<br>• Taibhealaín nó ealaín bheo fhadtréimhseach<br>• Suiteálacha ealaíne<br>• Fuirseoireacht ar na boinn<br><br>Imeachtaí amhail agallaimh, cainteanna nó léachtaí p(h)oiblí Aon chineál taibhithe dá ndéantar fístaifeadadh agus nach gcuirtear i láthair lucht féachana beo. |
| Na hAmharc- | Ní mór duit a bheith i d’ealaíontóir nó i do chleachtóir |

| | |
|---|---|
| ealaíona | sna healaíona atá **ag cleachtadh do cheirde** agus atá ag iarraidh tabhairt faoi ghníomhaíochtaí **forbartha**.<br><br>Ba cheart go léireofaí i do thogra spriocanna soiléire ealaíonta nó spriocanna soiléire um fhorbairt ghairmiúil. |
| Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga | Níl aon fhócas ar leith ann. |

Déan teagmháil le agilityaward@artscouncil.ie má tá aon cheisteanna agat faoin bhfoirm ealaíne nó faoin gcleachtas ealaíon ar cheart duit iarratas a dhéanamh ina leith.

## 1.6. Cad iad na gníomhaíochtaí ar féidir maoiniú a fháil ina leith?

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar ghníomhaíochtaí a thacaíonn le d’fhorbairt mar ealaíontóir. Seo a leanas liosta gníomhaíochtaí a bhféadfaí iarratas a chur isteach ina leith:

- Do chleachtas a fhorbairt.
- Scileanna teicniúla a fhorbairt agus/nó a fhoghlaim.
- Scileanna nua a fhoghlaim a bhaineann le do chleachtas.
- Taighde a dhéanamh nó smaoineamh nua a fhorbairt dá léiriú amach anseo.
- Obair le meantóirí nó le comhoibrithe chun do scileanna nó smaoineamh ar leith a fhorbairt.

- Smaoineamh a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtí léiriúcháin féideartha.
- Cuirimid tograí san áireamh ina bhfuil meascán gníomhaíochtaí freisin.

## 1.7. Costais ar féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Is féidir leat iarratas a chur isteach ar chostais a chlúdaíonn an méid seo a leanas:

- Do chuid ama féin mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon.
- Luach saothair do mheantóir ar bith a chabhraíonn leat spriocanna do thogra a bhaint amach.
- Luach saothair do dhuine aonair, d’eagraíocht, nó do ghrúpa ar bith a oibríonn i gcomhar leat ar do thogra.
- Deiseanna náisiúnta nó idirnáisiúnta um oiliúint ghairmiúil amhail ceardlann nó máistir-rang. Ní féidir leo seo a bheith mar chuid de chlár foirmiúil oideachais. Mar shampla, ní féidir cur isteach ar mhaoiniú le haghaidh cúrsa creidiúnaithe QQI amhail teastas FETAC, céim nó céim mháistreachta.

- Trealamh agus ábhair (bogearraí agus uirlisí ceoil san áireamh) chun cabhrú leat do chleachtas a fhorbairt. Ní féidir leis seo a bheith níos mó ná 15% den mhéid iomlán a iarrann tú.
- Costais rochtana bhreise do shaothar le healaíontóirí nó le cleachtóirí ealaíon faoi mhíchumas.

## Luach Saothair don Ealaíontóir

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Tugtar forléargas ar an tiomantas seo maidir le luach saothair agus conraitheoireacht chóir chothrom d'ealaíontóirí inár mbeartas Luach Saothair don Ealaíontóir .

Agus tú ag smaoineamh ar tháille iomchuí a íoc leat féin nó le comhoibrí nó meantóir, moltar duit teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí acmhainne a bhaineann go sonrach le d'fhoirm ealaíne féin.

Is féidir liosta a fháil ar ár suíomh gréasáin Luach Saothair don Ealaíontóir d'eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne sna hearnálacha éagsúla ealaíne. Is féidir naisc a aimsiú freisin chuig na hacmhainní a chuireann siad ar fáil.

Ná hiarr méid atá níos lú ná an méid a theastóidh, dar leat, chun do chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart an méid a íocfaidh tú leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú.

Ba cheart dó táillí nó pá a chur san áireamh freisin d'aon duine aonair, eagraíocht, nó grúpa lena bhfuil sé ar intinn agat comhoibriú.

Sula gcuireann tú sonraí pearsanta daoine aonair eile ar fáil, cinntigh go bhfuil siad ar an eolas:

- go gcoimeádfaidh an Chomhairle Ealaíon faisnéis a bhaineann leo
- gur féidir leis an gComhairle Ealaíon an fhaisnéis sin a úsáid chun na gcríoch atá leagtha amach inár mbeartas príobháideachais mar a bhaineann leis an iarratas seo ar mhaoiniú.

Ba cheart go dtiocfadh an méid a shonraíonn tú mar íocaíocht duit féin agus d'aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa le:

- céim do ghairmréime/a ngairmréime
- nádúr do chleachtais/a gcleachtais
- fad do thogra.

Ba cheart go mbeadh sé iomchuí freisin do chaighdeáin na tionsclaíochta laistigh de do chleachtas ealaíon.

## 1.8. Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas

Táimid tiomanta dár scéimeanna maoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Chun an sprioc sin a bhaint amach, cuirimid tacaíochtaí airgeadais ar fáil chun cabhrú le bacainní a bhaint d'ealaíontóirí agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas. Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thugtar orthu seo.

Glacaimid an cur síos ar mhíchumas ó Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, mar aon le reachtaíocht agus cásdlí na hÉireann. Cuimsímid gach duine faoi mhíchumas go forleathan. Mar shampla, daoine ar a bhfuil lagú fisiciúil, leighis, cognaíoch, intleachtúil, foghlama, mothúchánach, nó céadfach.

Is ann do dhá chineál costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a d'fhéadfadh a bheith ort a chur san áireamh mar chuid de d'iarratas: **costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas** agus **costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas**.

Cuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar leith ar fáil i gcás costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas anuas ar do chroí-bhuiséad. Ní mór duit costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas a mhaoiniú ó thaobh istigh de do chroí-bhuiséad.

Teastaíonn do thoiliú uainn chun na sonraí seo a phróiseáil. Caitheann an Chomhairle Ealaíon le sonraí a bhaineann le míchumas go rúnda agus go slán. Le haghaidh tuilleadh eolais ar an gcaoi a gcosnaímid do shonraí, féach ár mbeartas príobháideachais.

## Costais phearsanta rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Ba cheart go gcuideodh na tacaíochtaí seo leat bacainní a bhaint d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe, meantóirí nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin

Seo a leanas samplaí de thacaíochtaí, ach gan bheith teoranta dóibh:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.
- Am breise cleachtaidh nó sa stiúideo.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir cur isteach ar na costais seo anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

## Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas

Is costais iad seo a bhaineann le do chuid oibre a dhéanamh insroichte do dhaoine faoi mhíchumas. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid. Ba cheart rochtain do dhaoine den lucht féachana faoi mhíchumas a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre.

Samplaí de thacaíochtaí chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeacht nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair thaispeántais a chruthú i bhformáidí eile amhail braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Ní chuireann an Chomhairle Ealaíon maoiniú breise ar fáil do na costais sin i láthair na huaire. Ní mór duit na costais sin a chur san áireamh i do chroí-bhuiséad iarratais.

## Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta.

Tá teimpléad roghnach do ghníomhaíochtaí um chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil ar leathanach na Dámhachtana Lúfaireachta ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

Ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh de d'fhoirm iarratais freisin:

- Líne do chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas

- Líne do chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas.

**Tabhair faoi deara:** Is cuma má úsáideann tú do cháipéis féin nó teimpléad na Comhairle Ealaíon, ní mór an dá chineál costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint astu féin.

Iarraimid ort toiliú sainráite a thabhairt chun na sonraí seo a sholáthar. Ba cheart an toiliú seo a thabhairt go saorálach. Soláthraíonn tú é trí thic a chur sa bhosca toilithe ar an bhfoirm iarratais.  Molaimid duit ár mbeartas príobháideachais a léamh chun faisnéis a fháil faoin gcaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

**Tabhair faoi deara:** Tá an toiliú seo ann chun sonraí íogaire agus ábhar tacaíochta a fháil. Má bhronntar costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ort, coinnímid sonraí ábhartha faoi bhunús difriúil dlíthiúil chun cloí le ceanglais dhlíthiúla agus ceanglais eile.

### Cén chaoi a n-éilím mo chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas?

Má éiríonn le d'iarratas, tabharfaimid eolas duit maidir leis an gcaoi le do mhaoiniú a tharraingt anuas. Déantar costais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas a tharraingt anuas ar leithligh ó do chroímhaoiniú. B'fhéidir go n-iarrfaí ort tuairisc ghairid a chomhlánú ar an gcaoi ar úsáid tú na cistí sin.

## 1.9. Costais agus gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith

Ní féidir leat iarratas a chur isteach ar ghníomhaíochtaí:

- Nach bhforbraíonn do chleachtas, do scileanna ná do shaothar

  - Atá níos oiriúnaí do dhámhachtainí eile a thairgeann an Chomhairle Ealaíon
  - A ndearna an Chomhairle Ealaíon measúnú orthu roimhe, ach amháin más féidir leat a chruthú go bhfuil forbairt shuntasach tagtha ar do thogra.
- A bhféadfadh tacaíochtaí eile rialtais nó gníomhaireachta poiblí tacú leo amhail Cultúr Éireann, Éire Ildánach, Fís Éireann, Fáilte Éireann, Údarás Craolacháin na hÉireann nó Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann.
  - A reáchtáladh cheana féin.

Ní féidir iarratas a chur isteach ar chostais i gcomhair na nithe seo a leanas:

- Oideachas foirmiúil e.g. i gcomhair cúrsa creidiúnaithe QQI amhail teastas FETAC, céim nó céim mháistreachta.
- Táillí le haghaidh ardoideachais nó staidéir.
- Táillí ballraíochta gairmiúla nó síntiúis bhliantúla amhail Institiúid Ríoga Ailtirí na hÉireann nó Amharc-Ealaíontóirí Éireann.
- Costais chaipitiúla, amhail feabhsú foirgneamh nó oibreacha athchóirithe.

## 1.10. Ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur san áireamh i dteannta le d'fhoirm iarratais. Is cuidiú atá sna doiciméid sin don duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas le tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

Mura n-uaslódálann tú an t-ábhar éigeantach tacaíochta a theastaíonn uainn, beidh d'iarratas neamhiomlán, agus ní féidir linn measúnú a dhéanamh air. Is é ábhar tacaíochta a bheith in easnamh an chúis is coitianta le hiarratais neamh-incháilithe.

Ní mór duit an fhaisnéis thíos a léamh go cúramach agus an t-ábhar tacaíochta a iarraimid a chur le d'iarratas.

## Ábhar éigeantach tacaíochta do gach iarratasóir

- Do CV nó beathaisnéis iomlán (uaslódáilte mar dhoiciméad ar leith)
- Sampla amháin nó trí shampla de do shaothar atá ábhartha le do thogra

## Ábhar breise a bhíonn de dhíth i gcásanna áirithe

Sna cásanna seo a leanas, is féidir gur gá duit roinnt ábhar breise tacaíochta a chur isteach le d'iarratas.

### Costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas

Má tá costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i d'iarratas, ba cheart duit doiciméad a uaslódáil ina liostaítear na costais sin. Má tá tú ag déanamh iarratas ar chostais rochtana phearsanta do dhaoine faoi mhíchumas agus ar chostais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas araon, caithfidh tú doiciméad a áireamh le haghaidh an dá chineál.

Áirigh do chostais rochtana iomlána do dhaoine faoi mhíchumas astu féin i do dhoiciméad buiséid féin nó sa teimpléad um chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas is féidir leat a íoslódáil ar leathanach gréasáin na Dámhachtana Lúfaireachta.

**Tabhair faoi deara:** Déan cinnte go bhfuil ár mbeartas príobháideachais léite agat agus go dtugann tú do thoiliú dúinn i d'fhoirm iarratais. Ní féidir linn d'iarratas ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a phróiseáil gan do thoiliú.

Faigh tuilleadh eolais faoi chostais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.

## Oibriú le hainmhithe

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

## Oibriú le leanaí agus daoine óga

Má sholáthraítear seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachasúla, nó seirbhísí eile do leanaí nó do dhaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag d'aois mar chuid de do thogra, ní mór beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat.

Ní gá duit cáipéis bhreise a uaslódáil le d'iarratas. Má éiríonn le d'iarratais, is féidir gur gá duit a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí curtha i bhfeidhm agat.

- Ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann nó nach mbaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo i gcuid 1 den fhoirm iarratais.
- Má fhreagraíonn tú "Baineann" agus má éiríonn le d'iarratas
    - Beidh ort a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.
    - Beidh ort ár bhFoirm Fhéin-Iniúchta um Dearbhú Cáilíochta do Sholáthraithe Ábhartha Seirbhíse a chomhlíonadh.

### Obair le daoine fásta soghonta

Má bhíonn obair le daoine fásta soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit tásc a thabhairt air sin i gcuid 1 den fhoirm iarratais.

Leis sin, aithníonn tú go gcloíonn tú leis an mBeartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Leochaileacha atá i mBaol Drochúsáide.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir go n-iarrfaimid ort tuilleadh fianaise a chur ar fáil de chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta sin má éiríonn le d'iarratas.

## 1.11. Incháilitheacht – iarratais nach nglacfaimid leo

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas sna cásanna seo a leanas.

- Tháinig sé isteach tar éis an spriocdháta.
- Níor uaslódáil tú d'fhoirm iarratais agus d'ábhar tacaíochta trínár dtairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne.
- Níor chomhlíon tú na critéir in 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh.
- Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhí riachtanach.
- Níor thug tú an t-ábhar tacaíochta a rabhamar á lorg. Féach 1.10 Ábhar tacaíochta nach mór duit a chur isteach.
- Fuair tú maoiniú roimhe seo ón gComhairle Ealaíon mar dhuine aonair.
- Níor chuir tú d'ábhar tacaíochta ar fáil san fhormáid shonraithe. Féach 2.6 Ullmhaigh d'ábhair thacaíochta.

- Cuir tú iarratas isteach ar níos mó nó níos lú ná na méideanna ceadaithe (féach 1.4 Cé mhéad ar féidir leat iarratas a chur isteach ina leith). Más ealaíontóir nó cleachtóir ealaíon faoi mhíchumas thú áfach, is féidir leat costais rochtana bhreise phearsanta a iarraidh, má bheidh siad ag teastáil mar chuid de do thogra. Féach 1.8 Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe faoi mhíchumas.
  - Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nó ar chostais nach bhfuil cumhdaithe ag an dámhachtain seo. Féach 1.9 Costais agus gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.
  - Tá d'iarratas níos oiriúnaí do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Cuirfimid an dámhachtain eile in iúl duit sa chás sin. Féach 1.9 Costais agus gníomhaíochtaí nach féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith.
  - Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chomhlacht rialtais eile nó do chomhlacht poiblí eile.

## 1.12. Cabhair theicniúil a fháil agus iarratas á chur isteach

Le tuilleadh a fhoghlaim faoin tairseach maoinithe Sheirbhísí ar Líne a úsáid, gabh chuig rannán na gCeisteanna Coitianta (CC) ar ár suíomh gréasáin.

Is féidir leat amharc ar ár dtreoir físe freisin ar d'fhoirm iarratais a íoslódáil, a chomhlánú agus a uaslódáil.

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d'iarratas á dhéanamh agat, is féidir leat dul i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon ar na bealaí seo a leanas:

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie

- Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243

Déan aon saincheisteanna teicniúla a thuairisciú dúinn chomh luath agus is féidir roimh an spriocdháta (e.g. gan a bheith ábalta do dhoiciméid a uaslódáil).

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

**Tabhair faoi deara:** Is minic a chuirtear líon mór glaonna orainn agus an spriocdháta ag druidim linn. Is féidir nach mbeidh tú in ann na glaonna teicniúla tacaíochta a réiteach má fhaighimid tar éis 2.00pm ar an spriocdháta iad.

## 1.13. Cabhair a fháil ó fhoireann na Dámhachtana Lúfaireachta

Is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann na Dámhachtana Lúfaireachta chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hiarratas a chur isteach ar fhoirm ealaíne nó ar chleachtas ealaíon ar leith.

Seol do cheist i ríomhphost chuig agilityaward@artscouncil.ie a luaithe is féidir.

**Tabhair faoi deara:** mura seolann tú chugainn í a luaithe is féidir roimh an spriocdháta, tá seans ann nach mbeidh a dhóthain ama againn freagra a thabhairt duit.

# 2. Sula ndéanfaidh tú iarratas

Ba cheart duit an chuid seo a léamh sula dtosaíonn tú ar d’iarratas.

Tá go leor comhairle mhaith inti chun cabhrú leat d’iarratas a chumadh in am agus ar an mbealach ceart.

## 2.1. Bris síos an próiseas iarratais ina chéimeanna

Molaimid an próiseas iarratais a bhriseadh suas sna céimeanna seo a leanas. Cabhróidh sé seo leat a chinntiú go gcríochnaíonn tú d’iarratas in am.

### 1. Seiceáil an bhfuil tú incháilithe don dámhachtain seo

Ní dhéanaimid measúnú ach ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta don dámhachtain seo.

Léigh 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? agus 1.3 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? lena chinntiú gurb é seo an dámhachtain cheart duitse.

### 1. Cláraigh lenár Seirbhísí ar Líne

Ní mór duit cuntas a chruthú ar thairseach maoinithe Sheirbhísí ar Líne de chuid na Comhairle Ealaíon le hiarratas a dhéanamh.

Cláraigh a luaithe is féidir leat roimh an spriocdháta. D'fhéadfadh **suas le cúig lá oibre** a bheith ann sula bpróiseálfaí do chlárúchán.

### 2. Téigh i dteagmháil le comhoibrithe féideartha

Má tá sé ar intinn agat oibriú le comhoibrithe, déan teagmháil leo a luaithe is féidir lena chinntiú go gcloíonn tú leis an spriocdháta.

### Cosaint sonraí

Má chuireann tú sonraí pearsanta duine eile ar fáil dúinn mar chuid de d’iarratas, ba cheart duit a chinntiú go gcomhlíonann tú na dlíthe um chosaint sonraí. Áirítear le sonraí pearsanta aon ábhar nó faisnéis a shainaithníonn daoine aonair eile go pearsanta.

Ba cheart duit cóip dár mbeartas príobháideachais a sholáthar dóibh chomh maith.

Má tá aon cheisteanna agat maidir le do shonraí pearsanta, déan teagmháil le dataprotection@artscouncil.ie.

## 3. Ullmhaigh do cháipéisí tacaíochta

Ní mór duit d’ábhar tacaíochta a uaslódáil tríd an tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne sna formáidí comhad cearta.

Déan cinnte de go mbeidh dóthain ama agat le do dhoiciméid a ullmhú sna formáidí seo.

## 4. Cuir d’iarratas isteach ar Sheirbhísí ar Líne

Déan cinnte de go rachaidh tú i dtaithí ar an tairseach maoiniúcháin Seirbhísí ar Líne sula gcuirfidh tú d’iarratas faoi bhráid.

Is smaoineamh maith é sin a dhéanamh roimh an spriocdháta.

# 2.2. Ag clárú i gcomhair chuntas Sheirbhísí ar Líne

Glacfar le hiarratais ar líne amháin don Dámhachtain Lúfaireachta.

Ní féidir linn glacadh le foirmeacha iarratais ná le hábhar tacaíochta a dhéantar ar bhealach ar bith eile (mar shampla, trí phost, facs nó ríomhphost).

Teastaíonn cuntas Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon uait chun d'iarratas a chur isteach. Ní mór uimhir PSP a bheith agat chun cuntas Sheirbhísí ar Líne a chruthú. Mura bhfuil uimhir PSP agat, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie

## Iarratasóirí nua

Más iarratasóir nua thú, ba cheart duit clárú do do chuntas Sheirbhísí ar Líne **a luaithe is féidir.**

D'fhéadfadh sé suas le cúig lá a thógáil dúinn an próiseas clárúcháin a chomhlánú duit.

Seolfaimid Uimhir Chlárúcháin Ealaíontóra uathúil (UCE) agus pasfhocal chugat le haghaidh do chuntais laistigh de chúig lá oibre.

### Conas clárú

1. Gabh chuig tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne.
2. Cliceáil **Cláraigh.**
3. Roghnaigh chun clárú mar **Dhuine aonair**.
4. Cliceáil **Ar Aghaidh**.
5. Cuir isteach do sheoladh r-phoist agus uimhir PSP.
6. Cliceáil **Ar Aghaidh**.
7. Faoin **Ainm**, roghnaigh do theideal agus cuir d'ainm isteach.
8. Faoi **Sonraí teagmhála**, cuir isteach do sheoladh baile agus roghnaigh do thír.
9. Faoi **Ríomhphost** agus **PSP**, cuir uimhir theagmhála isteach.
10. Iontráil an cód don scagaire turscair.

11. Cliceáil **Cláraigh**.

## Iarratasóirí roimhe seo

Má chláraigh tú le haghaidh cuntais roimhe seo, ní gá duit clárú le haghaidh cuntas nua don iarratas seo.

Ba cheart duit do chuntas agus do UCÉ atá ann cheana a úsáid chun iarratas a dhéanamh. Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, is féidir leat ceann nua a iarraidh.

## Riachtanais theicniúla maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

Chun Seirbhísí ar Líne a úsáid, ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín a úsáideann tú na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh.

### PC

- Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows
- An leagan is deireanaí de cheann de na brabhsálaithe seo:
  - Google Chrome
  - Mozilla Firefox
  - Microsoft Edge
  - Safari

### Apple Mac

- Mac OS X v10.5 Leopard (nó leagan níos nuaí de Mac OS)
- An leagan is deireanaí de cheann de na brabhsálaithe seo:
  - Google Chrome

- Mozilla Firefox
- Microsoft Edge
- Safari

## 2.3. A chinntiú go ndéanann tú iarratas faoi d'ainm

Ní féidir linn aon mhaoiniú a fhaighimid a íoc ach amháin leis an gcuntas bainc atá i dtaisce an ainm atá cláraithe agat a iontráil tú i gcuid 1.1 den fhoirm iarratais.

Ciallaíonn sé sin nach mór d'aon doiciméadacht a chuireann tú isteach mar chuid de d'iarratas a bheith i d'ainm.

Má tá aon cheisteanna agat faoi seo, seol ríomhphost chuig agilityaward@artscouncil.ie.

### Sampla

- Déanann tú iarratas chuig an gComhairle Ealaíon le maoiniú a fháil faoin ainm "Maire de Barra".
- Aon doiciméadacht a chuireann tú faoi bhráid, ní mór di a bheith faoin ainm sin.
- Ní mór do na sonraí bainc agus na sonraí cánach a chuireann tú isteach a bheith faoin ainm seo.
- Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla amhail Mary Barry nó Máire Barry.
- Má éiríonn le d'iarratas, ní íocfaimid maoiniú ar bith a thairgimid ach amháin isteach i gcuntas bainc atá i seilbh d'ainmse.

## 2.4. Na bogearraí atá ar do ríomhaire a sheiceáil sula ndéanann tú iarratas

Ní mór duit ríomhaire deisce nó glúine a úsáid chun d'iarratas a chur isteach. Ní féidir iarratas a chur isteach agus fón póca, táibléad nó gléas eile in úsáid agat.

Caithfidh tú Microsoft Word (Ríomhaire Deisce) nó OpenOffice Writer chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú. Déan cinnte de go bhfuil ceann amháin de na ríomhchláir seo suiteáilte ar do ríomhaire agat.

### OpenOffice a úsáid

Bogearraí saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir leat a íoslódáil ó leathanach oifigiúil íoslódálacha OpenOffice.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir le OpenOffice a úsáid chun d'fhoirm iarratais a chomhlánú san fhíseán seo ón gComhairle Ealaíon.

Ní mór duit leagan OpenOffice Writer 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid.

Le leaganacha níos déanaí den OpenOffice Writer is féidir an chaoi a dtaispeántar ár bhfoirmeacha iarratais a athrú nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

Má bhaineann aon fhadhb duit le OpenOffice a shuiteáil nó a úsáid, déan teagmháil le onlineservices@artscouncil.ie a luaithe agus is féidir. Déantar amhlaidh lena chinntiú go mbeidh dóthain ama againn chun cuidiú leat an fhadhb a réiteach.

#### Nótaí tábhachtacha d'úsáideoirí Apple Mac

Má úsáideann tú Mac leis an gcóras oibriúcháin Mac OS Mojave (10.14) nó níos luaithe, d'fhéadfadh an suíomh gréasáin OpenOffice a insint duit gur gá duit leagan 4.1.1 nó 4.1.2 a íoslódáil.

Déan neamhaird den mholadh seo agus íoslódáil 4.0.1 ina ionad sin.

Má tá Mac agat ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina (10.15) nó níos nuaí, ní bheidh tú ábalta OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil. Caithfidh tú leagan OpenOffice 4.1.15 nó níos nuaí a shuiteáil ina ionad.

## 2.5. Do chuid ama a ghlacadh chun d'iarratas a ullmhú

Ba cheart duit go leor ama a fhágáil chun ullmhú le d'iarratas a chur isteach. Déantar é seo ionas go mbeidh do dhóthain ama agat chun an t-iarratas is fearr is féidir a dhéanamh.

Íoslódáil an fhoirm iarratais ó do chuntas Seirbhísí Ar Líne a luaithe agus is féidir ionas go mbeidh cur amach agat uirthi.

Déan cinnte go seiceáiltear go ndéantar an méid seo a leanas:

- Tá tú ag cur isteach ar an dámhachtain cheart
- Tá an fhoirm iarratais cheart íoslódáilte agat
- Comhlíonann d'iarratas na treoirlínte sa cháipéis seo
- Tá dóthain ama agat chun tascanna an iarratais uile a chomhlánú roimh an spriocdháta.

Ba cheart duit an fhoirm iarratais a íoslódáil a luaithe is féidir tar éis an dáta oscailte, an 4 Márta.

Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm agat d'iarratas a uaslódáil go Seirbhísí ar Líne **ocht n-uair an chloig is daichead ar a laghad** roimh an spriocdháta, an 24 Aibreán.

Ar an gcaoi sin, má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat, beidh am agat dul i dteagmháil linn ionas gur féidir linn cuidiú leat.

**Tabhair faoi deara:** Is minic a bhíonn trácht trom ar Sheirbhísí ar Líne tráthnóna deiridh an spriocdháta. Seans go dtógfaidh sé i bhfad níos faide ná mar is gnách do cháipéisí a uaslódáil dá bharr. Go ginearálta, dá luaithe is féidir leat d'iarratas a chur isteach, is ea is fearr é.

## 2.6. Ullmhaigh do chuid ábhair thacaíochta

Ní mór duit doiciméid tacaíochta a áireamh le d'iarratas i dteannta d'fhoirme iarratais. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra.

Le heolas a fháil faoin ábhar nach mór duit a chur isteach, féach 1.9 An t-ábhar tacaíochta a bheidh ort a chur isteach.

Ní ghlacfaimid ach leis na doiciméid tacaíochta a uaslódálann tú i bhformáid leictreonach chuig tairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne. Má tá doiciméid agat nach bhfuil i bhformáid leictreonach, ba cheart duit iad a scanadh agus a shábháil le go mbeidh tú in ann iad a uaslódáil.

Ba cheart duit do dhoiciméid tacaíochta go léir a chur isteach i gcomhaid ar leithligh freisin.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Déan an tábla thíos a sheiceáil chun na formáidí comhaid inghlactha ar féidir leat a úsáid mar chuid d'iarratas a fheiceáil. Ní féidir leat ach na cineálacha comhaid seo a chur isteach.

| Cineál comhaid | Iarmhír chomhadainm |
|---|---|
| Téacschomhaid | .rtf<br>.doc |

| | |
|---|---|
| | .docx<br>.txt |
| Comhaid íomhá | .jpg<br>.gif<br>.tiff<br>.png |
| Comhaid fuaime | .wav<br>.mp3<br>.m4a |
| Comhaid físe | .avi<br>.mov<br>.mp4 |
| Comhaid scarbhileoige | .xls |
| Comhaid PDF | .pdf |

## Do chomhaid a ainmniú

Is smaoineamh maith é do chomhaid go léir a bhailiú in aon fhillteán amháin ar do ríomhaire ionas gur fusa iad a uaslódáil le chéile.

Úsáid comhadainmneacha a léiríonn go soiléir an méid atá iontu nó an méid a léirítear leo.

Ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé is CV, bileog buiséid nó cineál eile ábhair thacaíochta atá sa doiciméad.

Seo a leanas roinnt samplaí de chomhaid le hainmneacha soiléire le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell:

- Jack Russell - Iarratas ar Sparánacht Ailtireachta.docx

- Jack Russell - Gearrthóg Thaibhithe.mp4
- Jack Russell - Costais Rochtana Phearsanta do Dhaoine faoi Mhíchumas.doc

**Tabhair faoi deara:** Ná húsáid na carachtair **" * : < > ? / \ .** in ainmneacha na gcomhad.

### Uasteorainn ar mhéid an chomhaid

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

## 2.7. Samplaí oibre a uaslódáil

Chun samplaí de do chuid oibre a sholáthar dúinn, is féidir leat na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Iad a uaslódáil go díreach chuig Seirbhísí ar Líne agus d’iarratas á chur isteach agat
- Naisc URL a úsáid (na seoltaí iomlána ina bhfuil d’ábhar óstáilte) chuig ardáin sruthaithe.

**Tábhachtach:** Ní féidir leat do CV a sholáthar mar nasc – ní mór duit é a uaslódáil mar chomhad.

### Naisc URL a ullmhú

Más mian leat naisc a úsáid, cóipeáil na URLanna isteach i ndoiciméad Microsoft Word (Deasc), OpenOffice Writer nó PDF. Ansin, uaslódáil an doiciméad i Seirbhísí Ar Líne i dteannta do dhoiciméad tacaíochta.

Is samplaí áirithe d'ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Ní ghlacaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna ar féidir comhaid a roinnt orthu amhail Google Drive nó OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta amhail Meta nó Instagram
- Ardáin sruthaithe a chuireann teorainn le rochtain ar shíntiúsóirí íoctha
- Do láithreán gréasáin pearsanta féin.

### Leideanna maidir le naisc URL a úsáid

- Ní féidir le measúnóirí ábhair a mheas ach amháin na hábhair sin a roinntear sna naisc URL a chuireann tú ar fáil.
- Déan cinnte go n-oibríonn gach nasc a sheolann tú agus go dtabharfaidh na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart.

- Déan cinnte de go socróidh tú ceadanna féachana d'ábhair chuig 'poiblí'.
- Ní bheimid in ann féachaint ar ábhair atá socraithe mar ábhair atá "príobháideach".
    - Mar shampla, más mian leat físeán YouTube a roinnt linn ach mura dteastaíonn uait go mbeidh an físeán ar fáil go poiblí, is féidir leat socrú príobháideachta d'fhíseáin a athrú go "Neamhliostaithe".

## 2.8. Déan teagmháil le haon chomhoibrithe a luaithe is féidir

Má tá sé i gceist agat comhoibriú le heagraíochtaí, ealaíontóirí, meantóirí, comhpháirtithe léiriúcháin nó daoine eile, téigh i dteagmháil leo a luaithe is féidir.

## 2.9. Freastail ar ár gclinicí ar líne

Reáchtálann foireann na Dámhachtana Lúfaireachta clinicí ar líne le linn na tréimhse iarratais. Is féidir leat freastal ar na clinicí seo chun cabhair a fháil ó fhoireann na Dámhachtana Lúfaireachta maidir le haon cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat.

Is féidir leat an t-am a bheidh na clinicí ar siúl a fhiosrú trí ríomhphost a sheoladh chuig agilityaward@artscouncil.ie nó tríd an gComhairle Ealaíon a leanúint ar Twitter nó ar Instagram.

# 3. Comhlánaigh d'fhoirm iarratais

## 3.1. Conas gach ceist a fhreagairt

Tá treoir i ngach cuid den fhoirm iarratais chun cabhrú leat a fháil amach an méid atá le cur san áireamh.

**2.4 Príomhghníomhaíochtaí do do thogra**

Liostaigh príomhghníomhaíochtaí ar bith a bhaineann le do thogra. Chun cuidiú linn do thogra a mheas, bheadh sé cabhrach an garmhéid ama atá ar intinn agat caitheamh ar gach gníomhaíocht a sholáthar dúinn. Ba cheart cur síos a dhéanamh ar an am seo i laethanta – e.g. ½ lá, 1 lá, 7 lá, 31 lá, etc.

Mura mbaineann ach gníomhaíocht amháin le do thogra, liostaigh an ghníomhaíocht sin. Ná fág an chuid seo folamh.

*Cliceáil agus clóscríobh taobh istigh de na boscaí liatha. Ná scrios iad.*

| Gníomhaíocht | Láthair | Garmhéid Ama a Caitheadh (i laethanta) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

Is féidir leat na leideanna thíos a úsáid freisin chun cabhrú leat na ceisteanna san fhoirm a fhreagairt.

Nuair a fhreagraíonn tú iad, smaoinigh ar an méid seo a leanas:

- Do chuntas teiste agus do chumas féideartha
  - An chaoi a gcabhróidh do thogra leat scileanna agus smaointe nua a fhorbairt

- An tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag do thionscadal (mar shampla, ar lucht féachana nó ar phobal)
- An chaoi a réitíonn do thogra le réimse do chleachtais

- Cé chomh hinoibrithe agus atá do thogra (más féidir do thionscadal a chur i gcrích laistigh den bhuiséad agus den acharr ama a mholtar)

Ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Mura ndéanann tú amhlaidh, beidh d’iarratas neamh-incháilithe agus ní féidir linn é a mheasúnú.

**Tábhachtach:** Tá formáid speisialta ag an iarratas ionas gur féidir linn faisnéis a bhaint uaidh le measúnú a dhéanamh uirthi.

Tá sé fíorthábhachtach go ndéanann tú na nithe seo a leanas:

- Clóscríobh taobh istigh de na boscaí liatha san fhoirm
- Gan iad a scriosadh ná clóscríobh taobh amuigh díobh.


Mura gcloíonn tú leis an gcomhairle seo, ní uaslódálfar d’fhoirm iarratais.

# 4. Cuir d’iarratas isteach

Tar éis duit d’fhoirm iarratais a chomhlánú, féadfaidh tú na céimeanna thíos a leanúint lena huaslódáil ar thairseach maoinithe na Seirbhísí ar Líne agus í a chur isteach.

## 4.1. Logáil isteach chuig do chuntas chun tús a chur le d’iarratas

1. Téigh chuig [leathanach logála isteach na Seirbhísí Ar Líne]().
2. Logáil isteach chuig do chuntas.
3. Cliceáil **Déan Iarratas** ag bun an leathanaigh.



## 4.2. Déan do shonraí teagmhála a sheiceáil

4. Faoi **Dearbhú aitheantais**, seiceáil go bhfuil na sonraí teagmhála cruinn.
    - Má tá siad cruinn: cuir tic leis an ticbhosca in aice le Dearbhaigh go bhfuil do chuid sonraí cruinn.
    - Mura bhfuil siad cruinn: cliceáil **An gá duit do phróifíl a nuashonrú?** agus déan do shonraí teagmhála a nuashonrú.
5. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.3. Roghnaigh an maoiniú ar mian leat iarratas a dhéanamh air

6. Faoi **Roghnaigh clár maoinithe**, roghnaigh **Dámhachtain Lúfaireachta** trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas Maoiniú.
7. Faoi **Dámhachtain atá Ar Fáil**, roghnaigh an fhoirm ealaíne nó an cleachtas ealaíon ábhartha.
8. Iontráil ainm le haghaidh d'iarratais sa réimse **Do thagairt.**
9. Cliceáil **Íoslódáil foirm iarratais** leis an bhfoirm a íoslódáil don dámhachtain seo. Faigh tuilleadh eolais maidir le d'fhoirm iarratais a chomhlánú.
10. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

**Tabhair faoi deara:** agus an fhoirm á comhlánú agat, d'fhéadfaí go logálfar amach thú ó Sheirbhísí ar Líne. Is féidir leat síniú isteach arís chun leanúint ar aghaidh le d'iarratas a chur isteach.

## 4.4. Iontráil méid an mhaoinithe atá á iarraidh

11. Faoi An méid atá á iarraidh san iarratas, cuir isteach:
    - an tsuim ba mhaith leat a iarraidh
    - an t-ioncam iomlán lena bhfuil tú ag súil
    - an caiteachas iomlán lena bhfuil tú ag súil.

    Ba cheart gurb ionann an Méid atá á iarraidh agus Caiteachas iomlán lúide Ioncam iomlán.




12. Ba cheart go mbeadh na suimeanna a chuireann tú isteach anseo ar aon dul leis na suimeanna a chuir tú isteach i mír 3 den fhoirm iarratais chomh maith.
13. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.5. Uaslódáil do cháipéisí agus cuir d'iarratas isteach

14. Faoi Uaslódáil foirm iarratais, cliceáil Roghnaigh Comhad.
15. Roghnaigh d'fhoirm iarratais ón áit ar shábháil tú í ar do ríomhaire.
16. Cliceáil **Uaslódáil**

    Tabhair faoi deara: Má fheiceann tú teachtaireacht a deir **Ní féidir an fhoirm a uaslódáil**, déan iarracht d'fhoirm iarratais a shábháil mar chomhad .doc agus déan í a uaslódáil arís. Mura bhfuil tú in ann í a uaslódáil fós, déan teagmháil leis an bhfoireann tacaíochta teicniúla.
17. Faoi **Uaslódáil ábhar tacaíochta**, roghnaigh an cineál doiciméid is mian leat a uaslódáil trí úsáid a bhaint as an roghchlár anuas. Tábhachtach: Ná roghnaigh 'Postáil doiciméad'.
18. (Roghnach) Cuir nóta ann chun cur síos a dhéanamh ar an ábhar atá á uaslódáil agat.
19. Cliceáil **Brabhsáil**.
20. Roghnaigh an comhad ábhair tacaíochta ó do ríomhaire.
21. Cliceáil **Uaslódáil**
22. Athdhéan céimeanna 17-22 le haghaidh gach ceann de do cháipéisí tacaíochta.
23. Cliceáil **Ar Aghaidh**.

## 4.6. Cuir d'iarratas isteach

24. Déan na sonraí faoi d'iarratas a sheiceáil go cúramach.

25. Faoi **Dearbhú**, cuir tic leis an ticbhosca in aice le **Aontaím leis an dearbhú thuas**.

    Tabhair faoi deara: Ní féidir leat d'iarratas a chur isteach mura gcuireann tú tic leis an mbosca seo.

26. Cliceáil Cuir isteach.

## Nótaí maidir le d'iarratas a chur isteach

- Cliceáil **Sábháil Dréacht** tráth ar bith chun d'iarratas a shábháil gan é a chur isteach.
- Is féidir leat teacht ar ais chuig d'iarratas agus athruithe a dhéanamh air go dtí go gcuirfidh tú isteach é.
- Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, ní bheidh tú in ann aon athrú eile a dhéanamh. Athbhreithnigh d'fhoirm iarratais go cúramach sula seolfaidh tú isteach í.
- Má thugann tú faoi deara go bhfuil botún déanta agat **tar éis** duit d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir.

## An bhfuil tacaíocht uait?

Déan teagmháil linn má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus d'iarratas á chur isteach agat.

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243

- Ní féidir linn tacaíocht theicniúil a ráthú duit má chuireann tú glaoch tar éis 2.00pm ar an spriocdháta.

# 5. Tar éis duit iarratas a chur isteach – cad é an chéad chéim eile?

Tar éis duit d'iarratas a chur isteach, gheobhaidh tú an méid seo a leanas:

- Ríomhphost láithreach chun a chur in iúl duit go bhfuaireamar d'iarratas
- An dara ríomhphost cúpla nóiméad ina dhiaidh sin le d'uimhir iarratais.

**Tabhair faoi deara:** Mura bhfaigheann tú na ríomhphoist sin uainn, déan teagmháil linn ag onlineservices@artscouncil.ie a luaithe agus is féidir.

Do do chinneadh, gheobhaidh tú:

- Ríomhphost laistigh de 12-15 seachtaine a inseoidh duit má d'éirigh le d'iarratas nó murar éirigh leis.

**Tabhair faoi deara:** Braitheann an t-achar ama sin ar líon na n-iarratas a fhaighimid.

## 5.1. An chaoi a ndéanaimid cinntí

Déanann an Chomhairle Ealaíon measúnú ar gach iarratas incháilithe a fhaighimid. Déanaimid cinntí maidir leis na hiarratais sin agus cuirimid ár gcinntí in iúl d'iarratasóirí de réir ár nósanna imeachta.

Is é an aidhm atá againn a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le maoiniú a dhámhachtain.

Próiseálaimid na hiarratais go léir a fhaighimid mar seo a leanas:

1. Déanaimid incháilitheacht an iarratais a sheiceáil. Téann gach iarratas incháilithe ar aghaidh chuig an gcéim mheasúnaithe.
2. Cuirimid gach iarratasóir neamh-incháilithe ar an eolas trí ríomhphost.

3. I roinnt cásanna, d’fhéadfaimis a bheith den bharúil go mb’fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air ar an gceann is oiriúnaí do do thogra. Sna cásanna sin, rachaimid i dteagmháil leat agus fiafróimid díot má tá tú sásta go mbogfar d’iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Is féidir leat rogha a dhéanamh ansin é a bhogadh nó é a fhágáil mar atá sé.
4. Déanann foireann agus comhairleoirí na Comhairle Ealaíon iarratais incháilithe a mheas bunaithe ar na critéir mheasúnaithe agus ar ár bpróiseas scórála.
5. Molann foireann agus comhairleoirí na Comhairle Ealaíon maoiniú do na hiarratais a fhaigheann na scóir is airde.
6. Déanann an Chomhairle Ealaíon athbhreithniú feidhmiúcháin ar mholtaí na measúnóirí agus déanann sí cinntí maidir le dámhachtainí a mhaoiniú.
7. Cuirimid na cinntí in iúl trí ríomhphost d'iarratasóirí.

## 5.2. An chaoi a ndéanaimid d’iarratas a mheas

Is dámhachtainí iomaíocha iad dámhachtainí na Comhairle Ealaíon. Déanaimid iarratais a mheas sa chomhthéacs iomaíoch seo agus aird á tabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil ag iarratasóirí.

In 2024, d’éirigh le 25% de na hiarratais ar Dhámhachtain Lúfaireachta. Bhí 3,288 iarratas ann agus bronnadh maoiniú ar 805 iarratas.

Is speisialtóirí iad ár measúnóirí i bhfoirmeacha éagsúla ealaíne agus i gcleachtais éagsúla ealaíon. Is féidir leat foirmeacha ealaíne nó cleachtais ealaíon eile a roghnú mar réimsí atá ábhartha do d’iarratas. Mar sin féin,

déanfaidh an fhoireann atá freagrach as an **bpríomhfhoirm ealaíne atá roghnaithe agat** d'iarratas a mheas.

I gcásanna áirithe, féadfaidh foireann na príomhfhoirme ealaíne measúnú tánaisteach a iarraidh ó fhoireann eile.

- Déanfaimid d'iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:
  - Caighdeán ealaíonta
  - Indéantacht (an féidir leat an tionscadal a chur i gcrích)
  - An chaoi a sásaíonn do thogra cuspóir na dámhachtana

## Caighdeán ealaíonta

Déanfaimid d'iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

- Do chuntas teiste agus an cumas a léirigh tú ar d'fhoirm iarratais, do CV nó do bheathaisnéis agus aon ábhair thacaíochta eile lena n-áirítear aon ábhar a bhaineann le comhoibrithe, meantóirí, comhpháirtithe, nó eagraíochtaí tacaíochta
  - Caighdeán do thogra – uaillmhian, úrnuacht, agus scil san áireamh
  - An chaoi a mbaineann do thogra le d'fhoirm ealaíne nó le réimse do chleachtais

Má tá baint ag aon chomhoibrithe, meantóirí, comhpháirtithe, nó eagraíochtaí tacaíochta le do thionscadal, breithneoimid ar chaighdeán na tacaíochta ar féidir leo a sholáthar freisin mar a léirítear é i d'iarratas.

### Indéantacht

Déanfaimid indéantacht d'iarratais a mheasúnú, bunaithe ar an gcaoi a léiríonn tú do chumas chun do ghníomhaíochtaí beartaithe a sholáthar.

Déanfaimid d'iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

- Do chumas na gníomhaíochtaí a sheachadadh san achar ama atá beartaithe
  - Oiriúnacht an mhéid mhaoinithe a iarrann tú do nádúr agus fad na hoibre atá beartaithe agat
- Más ábhartha, oiriúnacht aon chomhoibrithe, meantóirí, comhpháirtithe nó eagraíochtaí tacaíochta a shainaithin tú i d'iarratas.

### Cuspóir na dámhachtana a chomhlíonadh

Déanaimid iarratais a mheasúnú de réir a fheabhas a éiríonn leo cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh. Féach 1. Maidir le Dámhachtain Lúfaireachta 2025 le haghaidh tuilleadh eolais.

Déanfaimid d'iarratas a mheas de réir na gcritéar seo a leanas:

  - Cé chomh maith agus a shásaíonn do thogra cuspóir na dámhachtana
- Cé mhéad tairbhe a bhainfeadh do chuid saothair/cleachtais/scileanna as na gníomhaíochtaí atá beartaithe.

## 5.3. Próiseas scórála

Déanfaidh na measúnóirí gach iarratas ar an Dámhachtain Lúfaireachta a mheas trí leas a bhaint as córas scórála.

Léirítear sa chóras seo an chaoi a ndéanann siad meastóireacht agus scóráil ar d’iarratas faoi gach ceann de na trí chritéar measúnaithe. Léirítear sna scóir an chaoi a gcinneann measúnóirí cé chomh maith agus a shásaíonn d’iarratas gach critéar.

Bronnaimid maoiniú ar na hiarratasóirí a fhaigheann an scór is airde i ngach foirm ealaíne/cleachtas ealaíon de réir an bhuiséid atá ar fáil.

Tá sé mar aidhm againn an méid iomlán maoinithe a iarrtar a sholáthar i gcás iarratais rathúla.

Déanfaidh measúnóirí measúnú ar iarratais trí leas a bhaint as:

- A gcuid saineolais gairmiúil bunaithe ar an bhfaisnéis a thugtar san iarratas
    - A gcuid eolais ar aon chuid de do shaothar san fhearann poiblí
    - A gcuid saineolais ar an réimse ealaíon níos forleithne
    - An comhthéacs iomaíoch ina ndéantar meastóireacht ar gach iarratas.

Baineann measúnóirí leas as córas scórála idir 0–6, inarb eisceachtúil é an scór 6. Féadfaidh siad scór a bhronnadh don 0.5 is gaire (leathphointe).

Déantar cur síos sa tábla thíos ar na scóir agus ar an mbrí atá leo.

| **Scór uimhriúil** | **Tuairisc ar scór** | **Míniú** |
|---|---|---|
| 6.0 | Go hlontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar measúnaithe go rí-shoiléir agus go sár-mhaith san iarratas. |
| 5.5 | | Ag barr “go sármhaith”. |
| 5.0 | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar measúnaithe go sochreidte agus go rathúil san iarratas |

| | | |
|---|---|---|
| 4.5 | | Ag barr “go han-mhaith”. |
| 4.0 | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar measúnaithe go han-mhaith san iarratas. Tá buarthaí agus réimsí laige ar bith fánach. |
| 3.5 | | Ag barr “go maith”. |
| 3.0 | Go maith | Pléitear an critéar measúnaithe go maith san iarratas. |
| 2.5 | | Idir “maith go leor” agus “go maith”. |
| 2.0 | Maith go leor | Déantar plé ginearálta ar an gcritéar measúnaithe san iarratas. |
| 1.5 | Dona go leor | Níl go leor faisnéise ábhartha san iarratas chun measúnú a dhéanamh faoin gcritéar. |
| 1.0 | Go dona | Is beag faisnéis a sholáthraítear san iarratas atá ábhartha don chritéar measúnaithe. |
| 0.0 | Easnamhach | Ní chomhlíonann an t-iarratas an critéar measúnaithe nó ní féidir é a mheas toisc nach bhfuil an fhaisnéis iomlán ann. |

Má fhaigheann d’iarratas scór 1.5 nó níos ísle faoi **aon** chritéar measúnaithe, ní bhreithneofar é le haghaidh maoinithe.

Ciallaíonn sé sin, fiú má tá scór iomlán ag d’iarratas atá níos airde ná iarratais eile, ní dhéanfar é a mhaoiniú má fhaigheann sé scór 1.5 nó níos ísle faoi aon chritéar measúnaithe.

## 5.4. Sampla d’iarratas a scóráil

Taispeántar sa tábla thíos sampla den chuma a d’fhéadfadh a bheith ar thacar iomlán scór le haghaidh iarratais.

| **Na critéir** | **Scór** |
|---|---|
| Caighdeán ealaíonta | 5.0 as 6.0 |
| Indéantacht | 4.5 as 6.0 |
| Cuspóir agus tosaíochtaí na dámhachtana a chomhlíonadh | 3.5 as 6.0 |
| Scór iomlán | 13.0 as 18.0 |

- Faoi “chaighdeán ealaíonta”, b’ionann scór an iarratais agus 5.0 as scór féideartha 6.0
- Faoi “indéantacht”, b’ionann scór an iarratais agus 4.5 as scór féideartha 6.0
- Faoi “chuspóir agus tosaíocht na dámhachtana a chomhlíonadh”, b’ionann scór an iarratais agus 3.5 as scór féideartha 6.0

B’ionann scór iomlán an iarratais seo agus 13.0 as scór iomlán féideartha de 18.0.

## 5.5. Cad a tharlaíonn sa chás go n-éiríonn le d’iarratas?

Má éiríonn leat, seolfaimid ríomhphost chugat le tairiscint ann.

Cuirfear litir thairisceana chugat ina sonrófar méid an mhaoinithe atá tugtha againn, agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Gheobhaidh tú faisnéis freisin faoin gcaoi le do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Ní mór duit glacadh le do thairiscint mhaoinithe trí do chuntas Seirbhísí ar Líne.

Gheobhaidh tú an treoir íocaíochta maidir leis an dámhachtain seo i ríomhphost ar leithligh. Tá treoracha ann ar an dóigh le glacadh le do thairiscint agus an maoiniú a tharraingt anuas.

## 5.6. Cad a tharlaíonn mura n-éiríonn le d'iarratas?

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas. Bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní atá le fáil.

Má chomhlíonann tú ár dtreoirlínte maidir le hincháilitheacht agus nósanna imeachta d'iarratais, ní rathú é sin go bhfaighidh tú maoiniú.

Mura n-éiríonn le d'iarratas, gheobhaidh tú ríomhphost uainn chun tú a chur ar an eolas.

## 5.7. Achomharc a dhéanamh

Is féidir leat achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh maoinithe más rud é go gceapann tú:

- Níor chloíomar lenár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú
- Níor chuireamar i bhfeidhm ár nósanna imeachta foilsithe don riarachán agus don mheasúnú go cóir.

Ní mór duit a bheith in ann na cúiseanna le d'achomharc a thaispeáint dúinn.

Tuilleadh eolais faoinár bpróiseas achomhairc